2026/2560

20.11.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2560 ÓN gCOIMISIÚN

an 19 Samhain 2026

lena n-osclaítear bainistiú tharaifchuótaí an Aontais le haghaidh táirgí ríse áirithe de thionscnamh tíortha is tairbhithe de GSP agus lena bhforáiltear maidir leis an mbainistiú sin

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2026/1395 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2026 lena gcuirtear i bhfeidhm scéim ghinearálaithe um fhabhair tharaife agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 ([1]) ('Rialachán GSP'), agus go háirithe Airteagal 34 de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais ([2]), agus go háirithe Airteagal 58(1) de,

Tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste um Fhabhair Ghinearálaithe,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Sonraítear i Rialachán GSP, a luaithe a sháraíonn allmhairithe táirgí a thagann faoi chóid Ainmníochta Comhcheangailte 1006 10, 1006 20, agus 1006 30, go carnach agus ag aon phointe den bhliain féilire, méideanna bliantúla áirithe allmhairí, gur cheart fabhair tharaife GSP a chur ar fionraí láithreach. Don chuid eile den bhliain féilire, ba cheart an ráta neamhfhabhrach is infheidhme a úsáid ina ionad sin le haghaidh allmhairí na dtáirgí sin de thionscnamh na tíre is tairbhí lena mbaineann. Le linn na bliana féilire dár gcionn, ba cheart taraifchuóta a chur i bhfeidhm ar allmhairí na dtáirgí sin de thionscnamh na tíre is tairbhí lena mbaineann.

(2) Le haghaidh na bliana 2027, socraítear méideanna bliantúla na n-allmhairí i Rialachán GSP. Le haghaidh 2028 agus gach bliain ina dhiaidh sin, socrófar na bunmhéideanna faoin 31 Nollaig don bhliain dár gcionn bunaithe ar mheán uimhríochtúil mhéideanna bliantúla allmhairí an Aontais de thionscnamh gach tíre is tairbhí le linn na 10 mbliana féilire roimhe sin.

(3) Is iomchuí bainistiú a dhéanamh ar an bhfaireachán ar mhéideanna allmhairí agus ar na taraif-chuótaí sin i gcomhréir le hAirteagail 49 go 54 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ([3]) ón gCoimisiún, lena rialaítear bainistiú taraifchuótaí atá ceaptha lena n-úsáid de réir ord croineolaíoch na ndátaí a ghlactar leis na dearbhuithe custaim (an prionsabal 'tús freastail ar an gceann is túisce').

(4) Chun allmhairí comhsheasmhacha a áirithiú le himeacht ama le haghaidh taraif-chuótaí áirithe, is iomchuí a dtréimhse tharaif-chuóta bhliantúil a fhoroinnt ina bhfothréimhsí.

(5) Chun a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm go héifeachtach an faireachán ar mhéideanna allmhairí agus ar bhainistiú na dtaraif-chuótaí dá bhforáiltear faoi Airteagal 34 de Rialachán GSP, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón 1 Eanáir 2027.

(6) De bhun Airteagal 34(4) de Rialachán GSP, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar na méideanna allmhairí tírshonracha le haghaidh na bliana dár gcionn, i bhfianaise oscailt fhéideartha na dtaraif-chuótaí,

([1]) IO L, 2026/1395, 22.6.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2026/1395/oj.
([2]) IO L 269, 10.10.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/952/oj.
([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme forálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lch. 558, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2015/2447/oj).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Raon feidhme

Leagtar síos leis an rialachán seo rialacha sonracha maidir le riar na dtaraif-chuótaí a leagtar amach in Airteagal 34 de Rialachán GSP i gcás na dtáirgí a thagann faoi chóid Ainmníochta Comhcheangailte 1006 10, 1006 20 agus 1006 30, go háirithe maidir leis an méid seo a leanas:

(a) an modh bainistíochta;

(b) faireachán a dhéanamh ar mhéideanna allmhairí tírshonracha a spreagann an taraif-chuóta;

(c) tréimhsí agus fothréimhsí na dtaraif-chuótaí is infheidhme.

Airteagal 2

Bainistiú a dhéanamh ar mhéid na n-allmhairí tírshonracha agus ar tharaif-chuótaí

1. I gcás gach taraif-chuóta tírshonraigh, sonraítear méid na dtáirgí, an tsraithuimhir agus an tréimhse agus na fothréimhsí taraifchuótaí ar allmhairí in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo'; I gcás gach taraifchuóta tírshonraigh, sonraítear méid na dtáirgí, an tsraithuimhir agus an tréimhse agus na fothréimhsí in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo'.

2. Déanfaidh an tAontas na méideanna allmhairí tírshonracha a leagtar amach in Iarscríbhinn I agus na taraif-chuótaí a leagtar amach in Iarscríbhinn II a riar i gcomhréir le hord croineolaíoch na ndátaí a ghlactar le dearbhuithe custaim maidir le scaoileadh i saorchúrsaíocht mar a leagtar síos in Airteagail 49 go 54 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447.

3. Chun críoch an Rialacháin seo, ba cheart a mheas go bhfuil na méideanna allmhairí agus na taraifchuótaí neamhchriticiúil i ndáil le hAirteagal 53(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447.

Airteagal 3

Fothréimhsí taraifchuótaí

1. Nuair a roinntear tréimhse taraifchuóta i bhfothréimhsí, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn II, stopfar na tarraingtí ar gach cuóta ráithiúil ar an gcúigiú lá oibre den Choimisiún tar éis dheireadh na tréimhse ráithiúla. Ag deireadh gach ráithe, déanfar iarmhéideanna an taraif-chuóta nár úsáideadh a aistriú go huathoibríoch go dtí an chéad ráithe eile. Ní aistreofar aon iarmhéid nár úsáideadh ag deireadh na ráithe deireanaí de gach bliain ina gcuirtear an taraif-chuóta cinntitheach i bhfeidhm.

2. Féadfar cainníochtaí a shanntar faoi tharaifchuóta a thabhairt ar ais i gcomhréir leis an reachtaíocht chustaim is infheidhme. I gcás inar cuireadh stop le tarraingtí ar chuóta ráithiúil nó i gcás inar ídíodh cuóta taraife nó inar dúnadh é ar bhealach eile chun rochtain bhreise a fháil air, ní bheidh athoscailt an chuóta sin i gceist le cainníochtaí den sórt sin a thabhairt ar ais chun iarrataí nua ar tharraingtí a chur isteach nó a ghlacadh. Ní chuirfear na cainníochtaí sin arna dtabhairt ar ais san áireamh ach amháin chun iarmhéid an taraifchuóta ábhartha a choigeartú. I gcás inar aistríodh cheana iarmhéid cuóta ráithiúil nár úsáideadh chuig an ráithe ina dhiaidh sin, ní aistreofar cainníochtaí a tugadh ar ais ina dhiaidh sin i leith na ráithe sin chuig an ráithe ina dhiaidh sin. Dá bhrí sin, ní bheidh rochtain ag oibreoirí eacnamaíocha ar na cuótaí sin.

Airteagal 4

Rialacha tionscnaimh

Chun bheith incháilithe le tairbhe a bhaint as na fabhair tharaife agus na taraifchuótaí a leagtar amach sa Rialachán seo, comhlíonfaidh na hearraí allmhairithe a liostaítear sna hIarscríbhinní na rialacha tionscnaimh agus na nósanna imeachta maidir le tionscnamh dá dtagraítear i dTeideal II, Caibidil 2, Roinn 2, de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013.

Airteagal 5

Faireachán ar mhéideanna allmhairí

Osclaítear méideanna allmhairí tírshonracha agus déantar faireachán orthu i gcás earraí de thionscnamh na dtíortha is tairbhithe GSP mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I.

Airteagal 6

Méid tírshonrach na n-allmhairí

Más rud é, laistigh de bhliain féilire, gur úsáideadh níos lú ná 100 % den mhéid tírshonrach a osclaíodh i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 don bhliain dár gcionn i gcás na tíre sin.

Airteagal 7

Taraifchuóta tírshonrach

1. Má úsáideadh 100 % den mhéid allmhairí tírshonrach a shocraítear in Iarscríbhinn I a osclaíodh i mbliain féilire, cuirfear an ráta neamhfhabhrach is infheidhme i bhfeidhm don chuid eile den bhliain féilire agus osclófar taraifchuóta mar a leagtar amach in Iarscríbhinn II don bhliain féilire dár gcionn don tír lena mbaineann.

2. Déanfar an taraifchuóta a shocraítear in Iarscríbhinn II a roinnt ina 4 fhothréimhse: 1 Eanáir go 31 Márta; 1 Aibreán go 30 Meitheamh; 1 Iúil go 30 Meán Fómhair; 1 Deireadh Fómhair go 31 Nollaig.

3. I gcás inar úsáideadh an taraif-chuóta a leagtar amach in Iarscríbhinn II i mbliain féilire, cuirfear an ráta neamhfhabhrach is infheidhme i bhfeidhm maidir leis an gcuid eile den bhliain féilire.

4. Beidh feidhm ag Airteagal 5 sa bhliain tar éis an bhliain a chuirfear an taraifchuóta i bhfeidhm, gan beann ar chéatadán úsáide an taraifchuóta dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo. Méideanna allmhairí tírshonracha a shainítear in Iarscríbhinn I agus cuótaí a shainítear in Iarscríbhinn II, ní bheidh siad gníomhach go comhuaineach.

Airteagal 8

Seiceálacha i dtríú tíortha

Féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar an tríú tír údarú a thabhairt d'ionadaithe an Choimisiúin seiceálacha a dhéanamh, i gcás ina gceanglaítear sin, chun comhlíonadh na gceanglas nó na gcoinníollacha a fhíorú, ar réamhchoinníoll iad chun deimhnithe nó doiciméid oifigiúla eile a eisiúint atá le tíolacadh d'údaráis chustaim an Aontais chun an táirge a scaoileadh i saorchúrsaíocht san Aontas. Déanfar na seiceálacha sin i gcomhpháirt le húdaráis inniúla an tríú tír lena mbaineann.

Airteagal 9

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2027 go dtí go rachaidh an Rialachán GSP in éag.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 19 Samhain 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Méideanna allmhairí tírshonracha do thairbhithe GSP ar mó iad ná 6 % d'allmhairí iomlána an Aontais

Tír:	an Chambóid
Sraithuimhir	090252
Bunús dlí sonrach	Airteagal 34 de Rialachán (AE) 2026/1395
Tuairisc ar an táirge agus cóid AC	Rís sa chrotal (gan scilligeadh nó garbh), rís scilligthe (donn), rís leathmheilte nó rís lánmheilte, bíodh sé snasta nó glónraithe nó ná bíodh Cóid Ainmníochta Comhcheangailte (*) 1006 10, 1006 20 agus 1006 30 a ghlactar go carnach
Tionscnamh	an Chambóid
Cainníocht	2027: **313 268 tonaí** (216 047 tonaí + 45 %)
Tréimhse taraifchuótaí	an 1 Eanáir 2027 go dtí an 31 Nollaig 2027
Fothréimhsí taraifchuótaí	Neamhbhainteach
Cruthúnas tionscnaimh	Ráiteas tionscnaimh i gcomhréir le hAirteagal 92 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447
Dleacht chustaim laistigh den chuóta	EUR 0
An dleacht chustaim lasmuigh den chuóta	Dleachtráta neamhfhabhrach

(*) Is as an Ainmníocht Chomhcheangailte mar a leagtar síos í i Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim, mar ab infheidhme tráth a glacadh an Rialachán seo, agus *mutatis mutandis* arna leasú le gníomhartha dlí ina dhiaidh sin, a thógtar cóid na hAinmníochta Comhcheangailte.

Tír:	Maenmar
Sraithuimhir	090250
Bunús dlí sonrach	Airteagal 34 de Rialachán (AE) 2026/1395
Tuairisc ar an táirge agus cóid AC	Rís sa chrotal (gan scilligeadh nó garbh), rís scilligthe (donn), rís leathmheilte nó rís lánmheilte, bíodh sé snasta nó glónraithe nó ná bíodh Cóid Ainmníochta Comhcheangailte (*) 1006 10, 1006 20 agus 1006 30 a ghlactar go carnach
Tionscnamh	Maenmar
Cainníocht	2027: **249 200 tonaí** (171 862 tonaí + 45 %)
Tréimhse taraifchuótaí	an 1 Eanáir 2027 go dtí an 31 Nollaig 2027
Fothréimhsí taraifchuótaí	Neamhbhainteach
Cruthúnas tionscnaimh	Ráiteas tionscnaimh i gcomhréir le hAirteagal 92 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447
Dleacht chustaim laistigh den chuóta	EUR 0
An dleacht chustaim lasmuigh den chuóta	Dleachtráta neamhfhabhrach

(*) Is as an Ainmníocht Chomhcheangailte mar a leagtar síos í i Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim, mar ab infheidhme tráth a glacadh an Rialachán seo, agus *mutatis mutandis* arna leasú le gníomhartha dlí ina dhiaidh sin, a thógtar cóid na hAinmníochta Comhcheangailte.

IARSCRÍBHINN II

Taraifchuótaí

Tír	an Chambóid
Sraithuimhir	090253
Bunús dlí sonrach	Airteagal 34 de Rialachán (AE) 2026/1395
Tuairisc ar an táirge agus cóid AC	Rís sa chrotal (gan scilligeadh nó garbh), rís scilligthe (donn), rís leathmheilte nó rís lánmheilte, bíodh sé snasta nó glónraithe nó ná bíodh Cóid Ainmníochta Comhcheangailte (*) 1006 10, 1006 20 agus 1006 30 a ghlactar go carnach
Tionscnamh	an Chambóid
Cainníocht	2028: **216 047 dtona** Roinnfear an chainníocht bhliantúil mar a leanas: 25 % le haghaidh gach fothréimhse.
Tréimhse taraifchuótaí	an 1 Eanáir 2028 go dtí an 31 Nollaig 2028
Fothréimhsí taraifchuótaí	1 Eanáir go 31 Márta; 1 Aibreán go 30 Meitheamh; 1 Iúil go 30 Meán Fómhair; 1 Deireadh Fómhair go 31 Nollaig
Cruthúnas tionscnaimh	Ráiteas tionscnaimh i gcomhréir le hAirteagal 92 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447
Dleacht chustaim laistigh den chuóta	EUR 0
An dleacht chustaim lasmuigh den chuóta	Dleachtráta neamhfhabhrach

(*) Is as an Ainmníocht Chomhcheangailte mar a leagtar síos í i Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim, mar ab infheidhme tráth a glacadh an Rialachán seo, agus *mutatis mutandis* arna leasú le gníomhartha dlí ina dhiaidh sin, a thógtar cóid na hAinmníochta Comhcheangailte.

Tír	Maenmar
Sraithuimhir	090251
Bunús dlí sonrach	Airteagal 34 de Rialachán (AE) 2026/1395
Tuairisc ar an táirge agus cóid AC	Rís sa chrotal (gan scilligeadh nó garbh), rís scilligthe (donn), rís leathmheilte nó rís lánmheilte, bíodh sé snasta nó glónraithe nó ná bíodh Cóid Ainmníochta Comhcheangailte (*) 1006 10, 1006 20 agus 1006 30 a ghlactar go carnach
Tionscnamh	Maenmar
Cainníocht	2028: **171 862 thona** Roinnfear an chainníocht bhliantúil mar a leanas: 25 % le haghaidh gach fothréimhse.
Tréimhse taraifchuótaí	an 1 Eanáir 2028 go dtí an 31 Nollaig 2028
Fothréimhsí taraifchuótaí	1 Eanáir go 31 Márta; 1 Aibreán go 30 Meitheamh; 1 Iúil go 30 Meán Fómhair; 1 Deireadh Fómhair go 31 Nollaig

Tír	Maenmar
Cruthúnas tionscnaimh	Ráiteas tionscnaimh i gcomhréir le hAirteagal 92 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447
Dleacht chustaim laistigh den chuóta	EUR 0
An dleacht chustaim lasmuigh den chuóta	Dleachtráta neamhfhabhrach

(*) Is as an Ainmníocht Chomhcheangailte mar a leagtar síos í i Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim, mar ab infheidhme tráth a glacadh an Rialachán seo, agus *mutatis mutandis* arna leasú le gníomhartha dlí ina dhiaidh sin, a thógtar cóid na hAinmníochta Comhcheangailte.